

Dia libh, a uaisle Éireann!

[Eoin Mac Cárthaigh, 'Dia libh, a uaisle Éireann (1641)', *Ériu* 52, 2002, 89-121]

NLI G167: Uilliam Og mac Uilliam Oig Mheic an Bháird do rinne an dan-sa ag greasacht fhear nEireann et aga ccomhairliughadh im shnadmhadh rer oile in énbháidh charthannaigh et in énaonta a ttús an chogaidh oirdheirc ·1641·

1 Dia libh, a uaisle Éireann!  
Tógbhaidh tosach caithréimeann!  
Tánaig uair d'fhóirithin cáigh;  
róimhithidh an uain d'fhagháil.

2 Fríoth le fáidhibh fada ó shoin -  
acht a-mháin méad bhar bpeacaidh -  
cosg an mhadhma-sa chláir Cuinn,  
dáil na cabhra-sa chugainn.

3 Rath an tosaigh trialltar libh:  
cosnamh dúthchais, díon creidimh,  
go dtí dá thuile maithis,  
rí na n-uile ardfhlaithis.

4 Céadlaoidheadh as cóir oraibh:  
creidimh Críosa ler cheanglabhair  
féaghaidh bhar gcoimhneart fa a ceann;  
nás séanaidh d'fhoirneart Éireann.

5 Tabhraidh éanaghaidh air féin:  
dóchas i nDia 's a dheighréir;  
mó iná congnamh bhar lámh libh  
do thornamh bhar ndál ndoiligh.

6 Tárrabhair ré fa roicheas,  
fa annró, fa anfhlaithes,  
a uaisle Gaoidheal is Gall,  
nar saoilleadh uaibhse d'fhulang.

7 Do turnadh teas bhar n-uaille,  
fríoth adhbhar bhar n-éagcruaidhe  
do gach taoibh fa adhbha Airt  
's a dtarla dhaoibh do dhiúbairt.

8 Follas fan Eóraip uile  
bhar martra, bhar moghsaine,  
gach léan, gach imneadh, gach oil,  
gach tréan dar himreadh oraibh.

9 A-táid bhar mbailte bunaidh  
roinnte ar fhuirinn allmharaigh;

go sreathaibh míne clach gcuir,  
sgath bhar dtíre fa a dtréadaibh.

10 Dóibh sin as oidhreacht ise,  
an ghasraidh Ghall nuaidhi-se;  
sibh féin is eachtrannaigh ann  
fa neartdhrongaibh d'fhéin eachtrann.

11 Mosgailtear meanma cosnaimh  
ionnaibh ar an adhbharsoin  
is rún cathaighthe fa a cheann,  
fa mhúr rathfhoirbhte Raoireann.

12 Tréigidh bhar dtuirse cridhe!  
Liamhaidh lanna meirgidhe!  
Sgaoileadh bhar mbratach a brios  
maoidheadh atach go háitheas!

13 Ionann ciall leam dá laoidheadh,  
an fionnGhall, an fíorGhaoidheal,  
is taosga is tírsin na bhFionn,  
's do dhíslibh aosda Éireann.

14 A-nois ar an uair as fhearr,  
i n-ainm Dé, a uaisle Éireann,  
leanaidh go calma bhar gceart,  
geabhaidh bhar n-arma i n-éinfheacht!

15 Ó do sbor an Sbiorad Naomh  
bhar n-aigheadh uile d'éantaobh,  
deacair dóigh dhíbh do dhéanamh,  
gach tír róimh dá roiléaghadh.

16 Uaidhe féin fríoth an seóladh  
bhar neart ar-ís d'aithbheódhadh;  
ní as sia ná faghaidh bhar bhfail;  
do anaigh Dia bhar ndoghraing.

17 Seasaidh ar son a chéile!  
Tuigeadh cách bhar gcoimhdhéine!  
Séididh fa Ghallaibh bhar ngoimh!  
Rannaidh na héigin oraibh!

18 Ó fuair bhar bhfearg a fobhairt,  
ná cluintear uaibh iomchomhairc  
in gach céim d'fhógra orthaibh  
do bhéin Fhódla d'allmharchaibh.

19 Ná bíodh tnúth cáigh le chéile  
d'imreasain nó d'aimhréidhe;

ag léaghadh an uile eang  
déanadh gach duine a dhícheall!

20 Ná bíodh re aithris oraibh  
“dream go suaimhneach sódhamhail,  
gan sníomh reann, gan rochtain gcath  
's dream 'na gcodchaibh dá gcumhdach.”

21 Ná bíodh feasda re a rádh ruibh  
“drong ag gabháil re Gallaibh,  
is ar-oile a-nonn 's a-nall,  
agus drong oile i n-éanrann.”

22 An gcualabhair cian ó shoin  
eisiomláir ughdair eólaigh  
re n-éag ( ?) dá oidhreadhaibh féin,  
céim ór fhoirmeamhail iadséin ?

23 Cinnis, dá gcur re chéile,  
inntleacht do dhruim deighchéille -  
dá chloinn do-chuaidh i dtarbha -  
i roinn nó i n-uaim athardha.

24 Cruinnighid ina cheann soin  
re hucht éaga dá n-athair;  
gach báidh don chloinnsin dar chum  
's ar fhoillsigh dháibh a-déaram.

25 Fógrais do gach fear dá shliocht  
glac shoighead uile i n-aoineacht,  
má do thoill a chlann a chion,  
gan roinn ar ball do bhriseadh.

26 Féachaid uile ó láimh go láimh  
an ghlacsoin 'na glaic iomláin,  
tar fhíoch, tar fhaobhar na bhfear,  
's ní fríoth baoghal 'na briseadh.

27 “Iongnadh an fhoráil athar,  
a chur oirn mar ordachadh -  
ní thig dhíonn; ní náir a-nos -  
gníomh do-cháidh tar ar gcumas.”

28 An t-athair, gá fhaicsin sin,  
tug soighead do na soighdibh  
uaidh i láimh gach duine dhíobh,  
dar bháidh an uile eissíodh.

29 Riú mar do rann an fisidh  
go singil na soighdei-sin,

fríoth sníomh gach soighde mar sin  
nó oirdne dhíobh do dhéinimh.

30 “Ag so dhaoibh,” ar sé, “an sompla  
chuimhdeóchas bhar gcumhachta  
a chiall dá gcoimhéalltair libh  
.....”

31 “Ó chéile dá gcuirthear libh,  
a chlann ghrádhach, an nglaisín,  
fa-ríor ní ba sia bhar seal  
's ní bhia bríogh in bhar mbriseadh.”

32 “Congnaidh re... chroidhe;  
ná haghadh aos diomdhaidhe,  
do ghrádh moigheadh nó múr dte,  
cúl bhar gcroidheadh re chéile.”

33 Aontaighid ar aba soin  
d'ibhe i n-aoineacht ó a n-athair  
deoch ghráidh a ngaolfhuile féin,  
nar dháigh d'aonduine iaidseín.

34 A shluagh Fódla, féachaidh air,  
ag sin eisiomláir agaibh  
fa chrích saoir bhfonnórtha bhFáil  
do thaoibh comhmórtha is comhghráidh.

35 Acht do bhithin bhar mbéas féin,  
do bhrígh nach bíthe d'éinmhéin,  
tearc buaidh nach béarthaoi libhse,  
sluaigh an fhéarchraoi fhuinidh-se.

36 Cia an tiompódh táinig oraibh?  
Caidhe an t-oirléim fhuarabhair -  
gan dlaoi théagair uaibhse ann -  
do mhéadaigh uaisle eachtrann?

37 Ag tuilleamh diomdha Dé bhí  
ar an gcor-sa an gcéin bheithí,  
críoch na sgéal, go sguirthear dhe  
ní fuighthear tréan nó treise.

38 Gidh minic do mealladh sibh  
le saidhbhreas óir is éididh,  
ó a-tá i gcinneadh clódh bhar gceas,  
lór ar lingeadh don fhlaithes.

39 Múchaidh na folta fine!  
Báthaidh gach béas náimhdidhe

's an tsíon chagaidh gacha cinn  
do bhíodh agaibh i nÉirinn!

40 Tabhraidh in bhar dtuinn anfaidh  
éanaghaidh ar allmharchaibh!  
Ná léonaidh bhar ngabhla gaoil!  
Seólaidh bhar n-arma d'éantaoibh!

41 Bhar n-aindísle eadraibh féin  
leigidh dhíbh — diadha an caithréim! -  
nó a-tá an bhuaidh gan bheith dearbhtha  
's ar cleith uaibh, a Éireanncha.

42 Sguiridh do chailg a chéile!  
Tabhraidh, do dhruim deighmhéine,  
- déanaidh deachtadh úr annsa -  
cúl don chleachtadh chodarsna!

43 Bíodh in gach éanaird uaibhse  
ró umhla don arduaisle;  
aice a-bháin as beite i nglas;  
'na láimh as creidte an ceannas.

44 A uaisle cheinéal gConaill,  
a iolchraobha a héanchrobhaing,  
ní mín do gríosadh bhar ngoimh  
dá dtíosadh dhíbh a dhíoghail.

45 Gi-bé meas nó modh iomchair  
fríoth le héanchuid d'Éireannchaibh,  
ní sibh fuair a bhfríoth dá bhlas;  
bhar ndíoth do-chuaidh ó chunntas.

46 Do beanadh dhíbh, más dál truim,  
rian loingse is eachradh n-álainn;  
droibhéil nó leathbhruaigh ní libh  
ná oiléin ghealchuain ghainmhigh.

47 Bíodh nach biadh Éire uile  
d'éinghealladh is d'éanluighe,  
iongnadh leó bhar suan re seal  
gan luadh ar ghleó nó ar ghaisgeadh. DIA LIBH